

COINNÍOLLACHA CEADA THAIBHIÚ SRÁIDE

1. Is gá do Shealbhóir an Cheada cloígh leis Na Fo-Dhlíthe um Thaibhiú Sráide 2015 i gcónaí.
2. Is gá cead reatha ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ag aon duine atá i mbun taibhithe in áit phoiblí. Is gá go mbeidh an cead ar taispeánt in áit lárnach, infheicthe ag láthair an taibhithe i gcónaí.
3. Is gá Cead Thaibhiú Sráide Aimplithe ar leith a fháil más mian le haon Taibheoir Sráide úsáid a bhaint as aimpliú.
4. Is gá do Thaibheoirí Sráide an láthair atá in úsáid acu a choinneáil glan agus iad ag déanamh taibhiú agus a chinntiú go bhfágfar an áit mar a bhfuair siad é. Is gá d'ealaíontóirí cosáin agus taibheoirí a bhaineann úsáid as frapaí a chinntiú nach bhfágfar smál ceimice, ábhair ná fuíll ar an láthair.
5. Níor chóir go gcuirfeadh aon taibhiú sráide isteach ar chustaiméirí ná ar oibritheoirí ghnólachtaí na háite, ná ar mhuintir na háite.
6. Níor chóir póstaer ná fógra ar bith a chur in airde ar áitribh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcás ar bith.
7. Ní dhéanfaidh Taibheoir Sráide taibhiú in áit phoiblí tar éis 11i.n. ná roimh 9r.n. lá ar bith ACH AMHÁIN ar Shráid Anraí agus ar Shráid Grafton áit nach mbeidh aon duine i mbun tabhithe orthu roimh 11 r.n.. Is é 2 uair an chloig sa lá an uasmhéid ama is féidir le taibheoirí sráide taibhiú a dhéanamh ar aon sráid amháin. Leagan amach, sosa agus pacáil san áireamh.
8. Féadann Taibheoirí Sráide deis a thabhairt do lucht féachana deonacháin a thabhairt trí bhosca a leagan ar an láthair acu. Ní féidir le Taibheoirí Sráide dul i láthair duine agus airgead nó maoin a iarraidh sa dóigh nach mbeadh baill an phobail ar a gcompord.
9. Is é sealbhóir an cheada an té atá faoi dhliteanas maidir le haon díobháil, chailteanas, nó damáiste de thoradh taibhithe agus ní ghlacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon dliteanas i gcás den tsóirt sin.
10. Is gá do thaibheoirí sráide gach beart is indéanta a dhéanamh le cinntiú nach ndéantar díobháil dóibh féin ná do bhail an phobail. Is gá árachas dliteanais ar luach €6.4 milliún a fháil le haghaidh taibhithe a d'fhéadfadh a bheith contúirteach agus is gá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a shlánú.
11. Is gá do shealbhóir an cheada géilleadh do gach iarratas dleathach ó Oifigeach Údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána.
12. Aon duine a sháraíonn coinníollacha an cheada seo, féadfar a chead a chúlghairm agus beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná €1500.
13. Beidh táille ainmniúil ar cheadanna cailte nó goidte.
14. Ní cheadaítear Taibhiú Sráide i gcomharsanacht Ard-Oifig an Phoist ná i limistéar Bharra an Teampaill mar a thaispeántar sna léarscáileanna a ghabhann leis na Fo-Dhlíthe.